Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13451/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0232 (COD)**

**ENV 929**
**CLIMA 388**
**AGRI 457**
**FORETS 80**
**RECH 418**
**TRANS 426**
**CODEC 1413**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 596 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN<br>CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh<br>maidir leis an<br>seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Treorach maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 596 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 596 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.9.2025
COM(2025) 596 final

2023/0232 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Treorach maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach)**

2023/0232 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Treorach maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach)**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tarchuireadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2023) 416 final – 2023/0232 COD): | an 5 Iúil 2023. |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | an 25 Deireadh Fómhair 2023. |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | an 10 Aibreán 2024. |
| An dáta a tarchuireadh an togra leasaithe: | Neamhbhainteach. |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | an 29 Meán Fómhair 2025. |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is cuspóir don togra seo creat láidir comhleanúnach um faireacháin ithreach a chur i bhfeidhm le haghaidh na n-ithreacha uile ar fud an Aontais agus chun sláinte ithreach a fheabhsú go leanúnach san Aontas d’fhonn ithreacha sláintiúla a bhaint amach faoi 2050 agus ithreacha a choinneáil i riocht sláintiúil, ionas gur féidir leo éicisheirbhísí líonmhara a sholáthar ar scála atá leordhóthanach chun riachtanais chomhshaoil, shochaíocha agus eacnamaíocha a chomhlíonadh, tionchair an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta a chosc agus a mhaolú, an athléimneacht in aghaidh tubaistí nádúrtha agus maidir leis an tslándáil bia a mhéadú agus go laghdófar éilliú ithreach go leibhéil nach meastar a bheith díobhálach a thuilleadh do shláinte an duine agus don chomhshaol.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle mar a glacadh é ar an gcéad léamh, léirítear go hiomlán an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 10 Aibreán 2025. Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú sin agus leagtar amach a phríomhphointí thíos.

- Faireachán ar shláinte ithreach: chomhaontaigh na comhreachtóirí cur leis an togra ón gCoimisiún trí mhodheolaíochtaí coiteanna anailíseacha agus samplála, liosta coiteann de thuairisceoirí sláinte ithreach agus critéir le haghaidh ithreacha sláintiúla a thabhairt isteach. Chomhaontaigh siad dul níos faide ná an togra ón gCoimisiún

trína cheangal go ndéanfaí faireachán ar éilleáin bhreise ithreach (PFAS, lotnaidicídí agus a meitibilítí) agus go mbeadh tuairisceoir coiteann bithéagsúlachta ithreach níos déine ann. Ceadaítear do na Ballstáit teorainn a chur le líon na bpointí ag a ndéantar faireachán ar na héilleáin sin agus ar an tuairisceoir bithéagsúlachta ithreach. Leis an gcomhréiteach sin, méadaítear luach an fhaireacháin ithreach agus, an tráth céanna, coinnítear cost-éifeachtúlacht ar bun agus coinnítear an t-ualach ar leibhéal íseal.

- Measúnú ar shláinte ithreach: chomhaontaigh na comhreachtóirí spriocluachanna inbhuanaithe neamhcheangailteacha a leagan síos, lena léirítear cuspóir mianaidhme fadtéarmach na Treorach ithreacha sláintiúla a bheith ann faoi 2050, chomh maith le spreag-luachanna oibríochtúla chun a chinneadh cathain is gá tacaíocht ó na Ballstáit, luachanna a bheidh le bunú ag na Ballstáit. Leis an gcomhréiteach, coinnítear cothromaíocht mhaith idir an cuspóir fadtéarmach maidir le hithir shláintiúil agus an gá atá le tosaíocht a thabhairt do bhearta gearrthéarmacha agus meántéarmacha chun sláinte ithreach a fheabhsú.

- Athléimneacht ithreach: chomhaontaigh na comhreachtóirí imeacht ó choincheap an bhainistithe inbhuanaithe ithreach i dtreo tacaíocht do shláinte agus athléimneacht ithreach. Chomhaontaigh siad forálacha a bhaint a d’fhéadfadh oibleagáidí a thabhairt le tuiscint a d’fhéadfadh na Ballstáit a chur ar aghaidh chuig bainisteoirí ithreach, agus an iarscríbhinn ina liostaítear prionsabail um bainistiú inbhuanaithe ithreach a scriosadh. Coinníodh nasc idir measúnú ar shláinte ithreach agus tacaíocht d’athléimneacht ithreach ar bhonn choincheap na spreag-luachanna oibríochtúla. Leis an gcomhréiteach sin, coinnítear na ceanglais lenar féidir an t-aistriú chuig ithreacha sláintiúla a chur ar bun, agus lenar féidir athléimneacht ithreach a mhéadú ar an iomlán.

- Prionsabail chun tionchair na saorgaithe talún a mhaolú: chomhaontaigh na comhreachtóirí an bhéim a aistriú ó gach cineál saorgaithe talún go dtí na cineálacha saorgaithe talún is infheicthe agus is mó tionchar, is é sin séalú ithreach agus baint ithreach, arb iad na cineálacha is éasca faireachán a dhéanamh orthu freisin, lena n-áirítear faireachán cianda. Shoiléirigh na comhreachtóirí freisin go bhfuil na forálacha sin iarrachtbhunaithe, nach mbeadh tionchar acu ar inniúlacht náisiúnta maidir le pleanáil spásúlachta, nach n-éilíonn siad nósanna imeachta nua um cheadú agus nár cheart cosc a chur ar ghníomhaíochtaí nua a cheadú leo. Soiléirítear leis na forálacha sin an lamháil solúbthachta atá ag na Ballstáit agus na prionsabail mhaolaithe sin á gcur chun feidhme acu.

- Tráthchlár chun an Treoir a chur chun feidhme: chomhaontaigh na comhreachtóirí síneadh a chur leis na sprioc-amanna le haghaidh roinnt oibleagáidí. Leis na síntí sin, tugtar dóthain ama chun oibleagáidí na Treorach a chur chun feidhme agus chun déine an ualaigh riaracháin agus airgeadais a mhaolú trí chur chuige cur chun feidhme de réir a chéile.

- Tacaíocht ón gCoimisiún: chuir na comhreachtóirí de cheangal ar an gCoimisiún tacaíocht, cúnamh agus fothú acmhainneachta a chur ar fáil do na Ballstáit. Go sonrach, d’iarr siad ar an gCoimisiún tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit, laistigh de sprioc-amanna an-ghearr, chun an iliomad forálacha den Treoir a thrasuí agus a chur chun feidhme trí dhoiciméid neamhcheangailteacha agus uirlisí eolaíocha a sholáthar. Cuideoidh an tacaíocht ón gCoimisiún le cur chun feidhme na Treorach. Mar sin féin, cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil acmhainní móra daonna agus airgeadais ag teastáil chuige sin.

## 4. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún le torthaí na caibidlíochta idirinstitiúidí agus, dá bhrí sin, is féidir leis glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.